# CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 261/2022

## an 23 Meán Fómhair 2022

## lena leasaítear Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/790]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1180 ón gCoimisiún an 11 Eanáir 2022 lena gceartaítear Treoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa paisinéirí ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 56f (Treoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE:

'— **32022 R 1180**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1180 ón gCoimisiún an 11 Eanáir 2022 (IO L 184, 11.7.2022, lch. 1).'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1180 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*
Kristján Andri STEFÁNSSON

([1]) IO L 184, 11.7.2022, lch. 1.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.